

# **Epistil ghinearalta Iudais absdail**

## **The General Epistle of Jude**

### *An Irish and English Parallel Bible*

The Irish translation was accomplished by William O'Domhnuill in 1602, and has been copied from an 1817 edition of that translation. William O'Domhnuill (d.1628), known also as William O'Daniel, Archbishop of Tuam was a native of Kilkenny, Ireland. It was while at Trinity College that William took up the work of translating *The New Testament - Tiomna Nuadh* into Irish. This work was begun by Nicolas Walsh, Bishop of Ossory, who was murdered in 1585, and afterwards it was continued by John Kearney (who translated and published the first Irish [protestant] Catechism, printed in Dublin in 1571), and Nehemias Donellan, Archbishop of Tuam in 1595. This translation was dedicated to the newly ascended King James I, and published by O'Daniel in 1603.

The English translation used in this booklet is the King James Version (KJV) of the Holy Bible, commissioned by King James I of England in 1604. The translation work was completed by forty-seven learned Biblical scholars in 1611 and published that same year. It has had the most profound impact not only on English literature as a whole, world-wide, but also on English-speaking peoples, world-wide! This same version is often referred to as the Authorised Version (AV). Despite its age, it is still very readable by the average reader today, and it remains one of the most widely-read literary works of all time.

# **Chapter**

## **1**

# Epistil ghinearalta Iudais absdail

## The General Epistle of Jude

William O'Domhnuill New Testament  
of 1602; 1817 edition

The Authorized English Bible of 1611  
1769 Edition

### Caibidil 1

*Ag gríosadh búanus a gcreidimh,  
tairrghirionn sé deire dólasach na  
bhfaigheadh cluáineach.*

### Chapter 1

1 Iudas, searbhfhóghantuighe Iósa Críosa, agus dearbhráthair Shéumuis, chum na druinge atá ar na ngairm, ar na náomhadh ó Dhía Athar, agus ar na gcoimhéud fá chomhair Iósa Críosa:

2 Trócaire, síothcháin, agus grádh, go raibh maille ribh go ro líonmhar.

3 A *dhearbhráithre* grádhacha, ar ndéanamh a nuile dhitchill damh ar sgríobhadh chuguibh a dtimchioll an tslánuighthe choitchinn, do bhí na riachdanus oram sgríobhadh chuguibh, chum bhur dteaguisg fá chathúghadh go dithchiollach ar son an chreidimh tugadh éunuáir amháin do na náomhuibh.

4 Oír tangadar dáoine áirighe, neimhdhiágha, ar téultogh a steach, noch do bhí fadá ó shin roimh láimh orduighthe chum an bhreitheamhnus so, noch iompoigheas grás ar Ndé a neamhghloine, agus shéunas an táon Mhaighisdir, Día, agus ar Dtighearna Iósa Críosa.

5 Ar a nadhbharsin is mían leam bhur ccur a gcuimhne, ar bhfagháil a fheasa so éunúir amháin, an tan do sháor an Tíghearna, an pobal ó Néigipt, gur sgrios sé na dhiáigh sin an dream nár chreid.

6 Na haingil mar an gcéudna nár choimhéid an cheúid sdaid ann a rabhadar, achd do fhág a nionad *comhnuighe* féin, do choimhéid sé iad a ngeimhlibh síorrúidhe fá dhorchadas chum breitheamhnus an láe mhóir.

7 Do réir mar atá Sodom agus Gomorra, agus na caithreacha na dtimchioll, noch do lean do dhrúis air an modh céudna sin, agus do lean dainmhianuibh coimhthigheacha na colla, ar na gcur síos na neisiompláir, ag fulang péine na teineadh síorruidhe.

8 Achd fós mar an gcéudna saluighid an dreamsa tré na gcodladh an cholann, agus cuirid úachdaránachd a dtarcuisne, agus do níd anchaint ar an luchd agá bhfuil áirdcheannas.

9 Gidheadh Mícheal an tarchaingéal, an tan do chathuigh sé a nadhuigh an díabhail agus do

1 Jude, the servant of Jesus Christ, and brother of James, to them that are sanctified by God the Father, and preserved in Jesus Christ, *and* called:

2 Mercy unto you, and peace, and love, be multiplied.

3 Beloved, when I gave all diligence to write unto you of the common salvation, it was needful for me to write unto you, and exhort *you* that ye should earnestly contend for the faith which was once delivered unto the saints.

4 For there are certain men crept in unawares, who were before of old ordained to this condemnation, ungodly men, turning the grace of our God into lasciviousness, and denying the only Lord God, and our Lord Jesus Christ.

5 I will therefore put you in remembrance, though ye once knew this, how that the Lord, having saved the people out of the land of Egypt, afterward destroyed them that believed not.

6 And the angels which kept not their first estate, but left their own habitation, he hath reserved in everlasting chains under darkness unto the judgment of the great day.

7 Even as Sodom and Gomorrha, and the cities about them in like manner, giving themselves over to fornication, and going after strange flesh, are set forth for an example, suffering the vengeance of eternal fire.

8 Likewise also these *filthy* dreamers defile the flesh, despise dominion, and speak evil of dignities.

9 Yet Michael the archangel, when contending with the devil he disputed about the body of

rinne sé diosbóireachd a dtimchioll chuirp Mháoise, níor lamh sé breath mhasluigheach do bhreith air, achd a dubhairt sé, Go nimdhearga an Tíghearna thú.

10 Achd do níd an dreamsa ancháint ar na neithibh nach aithnidh dhóibh: agus gidh bé néithe ar a bhfuil eólas nadúrtha aca, do réir na nainmhinteadh gan réusun, truáillid iad féin ionnta.

11 Budh hanáuibhinn dóibh! óir do leanadar lorg Cháin, agus do chúadar amúgha tré mhéalltóireachd thúarasduil Bhálaaim, agus do sgriosadh iad tré bheith dhóibh comhchontrardha re Córe.

12 As buill cháidheacha iad so ann bhur bhféusduighibh grádga, an tan bhíd ar fhéusda maille ribh, dá mbeathughadh féin gan fhaitcheas ar bith: neóill gan uisge, dá mbreith fá gcuáirt ris na gáothuibh; crainn do mheath, ar nach bhfuil toradh, do éug fá dhó, ar na mbuáin as a bhfréumhach;

13 Garbhthonna fairge, sgeitheas a náire féin amhuil chúbhar; réulta seachráin, fá chómhair a bhfuil an dorchadas fiordhorcha dá thaisge go síorruidhe.

14 Agus do rinne Enoch fós, an seachdmhadh *pearsa* ó Adhamh, fáidheadóireachd ar a samhuil so, ag rádh, Féuch, atá an Tíghearna ag teachd gon a mhíltibh náomh,

15 Chum breitheamhnuis do dhéunamh ar na huile *dháoinibh*, agus dimdheargadh gach a bhfuil neimhdhíagha na measg ar son na nuile ghníomharthadh neimhdhíagha do rinneadar go neimhdhíagha, agus ar son gach uile dhrochfhócal dar labhradar na peacuich neimhdhíagha na aghuidh.

16 As luchd monmhuir, agus gearáin an dreamsa, bhíos ag siúbhal réir a nainmhían féin; agus agá labhrann a mbéul neithe aidhbhéil, maille ré bheith dhóibh ag déunamh iongantuis do phearsánuibh dáoineadh do ghrádh éudála.

17 Gidhéadh, bíodh cóimhne aguibhse a cháirde, ar na bríathruibh noch do labhradar apsduil ar Dtíghearna Iósa Críosa roimhe só;

18 *Eadhon* go ndúbhradh ribh go mbíadh luchd sgige sa naimsir dheigheanuigh, ag siúbhal do réir a nainmhían neimhdhíagha féin.

19 A síad so an dream sgaras iad féin ré gách, agus iad colluidhe, gan an Spiorad.

20 Achd ar mbeith dhíbhse, a cháirde, dhá bhur bhfollamnughadh féin ann bhur greideamh ró náomhtha, maille ré bheith dhíbh ag urnuighe sa Sbiorad Náomh,

Moses, durst not bring against him a railing accusation, but said, The Lord rebuke thee.

10 But these speak evil of those things which they know not: but what they know naturally, as brute beasts, in those things they corrupt themselves.

11 Woe unto them! for they have gone in the way of Cain, and ran greedily after the error of Balaam for reward, and perished in the gainsaying of Core.

12 These are spots in your feasts of charity, when they feast with you, feeding themselves without fear: clouds *they are* without water, carried about of winds; trees whose fruit withereth, without fruit, twice dead, plucked up by the roots;

13 Raging waves of the sea, foaming out their own shame; wandering stars, to whom is reserved the blackness of darkness for ever.

14 And Enoch also, the seventh from Adam, prophesied of these, saying, Behold, the Lord cometh with ten thousands of his saints,

15 To execute judgment upon all, and to convince all that are ungodly among them of all their ungodly deeds which they have ungodly committed, and of all their hard *speeches* which ungodly sinners have spoken against him.

16 These are murmurers, complainers, walking after their own lusts; and their mouth speaketh great swelling *words*, having men's persons in admiration because of advantage.

17 But, beloved, remember ye the words which were spoken before of the apostles of our Lord Jesus Christ;

18 How that they told you there should be mockers in the last time, who should walk after their own ungodly lusts.

19 These be they who separate themselves, sensual, having not the Spirit.

20 But ye, beloved, building up yourselves on your most holy faith, praying in the Holy Ghost,

21 Coimhéduigh sibh féin a ngrádh Dé, ag súil ré trócaire ar Dtíghearna Iósa Críosa chum na beatha marthannuigh.

22 Agus bíodh truáighe aguibh do dhruing áirighe, ar ndéanamh eaidrdhealuighe dhíbh eatorra:

23 Agus saoruidh dream eile ré faitcheas, dá dtarruing as an dteine; agus fos bíodh fúath aguibh don néudach atá ar na shalchadh ón gcoluinn.

24 Fá dheóigh don tí léir féidir bhur gcoimhéud ar oilbhéim dfagháil, agus bhur gcur a bhfiadhnuise a ghlóire féin gan choir ar bith maille ré rogháirdeachais,

25 Don náon Ndía eagnuighe na áonar ar Slánaightheóir, glóir agus mórgachd, neart agus cúmhachda, a nois agus go saoghal na saoghal. Amén.

21 Keep yourselves in the love of God, looking for the mercy of our Lord Jesus Christ unto eternal life.

22 And of some have compassion, making a difference:

23 And others save with fear, pulling *them* out of the fire; hating even the garment spotted by the flesh.

24 Now unto him that is able to keep you from falling, and to present *you* faultless before the presence of his glory with exceeding joy,

25 To the only wise God our Saviour, *be* glory and majesty, dominion and power, both now and ever. Amen.